An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth

**Ciorclán 0052/2026**

# Tacaíocht do Churaclam athfhorbartha na Bunscoile 2026/2027

**Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Baill Foirne Teagaisc na mBunscoileanna agus na Scoileanna Speisialta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna.**

## 1. Leanúint leis an aistear

Tá an ciorclán seo dírithe ar gach bunscoil agus scoil speisialta, agus leanann sé leis an aistear a leagadh amach sna leaganacha nuashonraithe roimhe a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2024, i mí na Samhna 2024 agus i mí Aibreáin 2025. In éineacht leis an gciorclán seo, tá Pleanáil Curaclaim Scoile Uile Treoir le haghaidh gach Bunscoil agus Scoil Speisialta (2026) agus Ullmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht Treoir Nuashonraithe do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta (2026) á bhfoilsiú.

Tugtar sa chiorclán faisnéis faoi na nithe seo a leanas:

- 2. Curaclam athfhorbartha na Bunscoile a chur i bhfeidhm
- 3. Do réimse curaclaim a roghnú
- 4. Amlíne na foghlama gairmiúla
- 5. Tacaí do Churaclam athfhorbartha na Bunscoile
- 6. Cistiú le haghaidh acmhainní chun tacú le gach réimse curaclaim
- 7. Foilsiú na dTreoirdhoiciméad
- 8. Tionscadal Taighde
- 9. Tuilleadh Faisnéise

## 2. Curaclam athfhorbartha na Bunscoile a chur i bhfeidhm

Iarracht chomhchoiteann a chuireann le láidreachtaí atá ann cheana is ea curaclam athfhorbartha na bunscoile a chur i bhfeidhm. Is trí chomhoibriú a dhéantar é, agus tógann sé am chun athrú fadtéarmach fiúntach a chruthú i scoileanna agus i seomraí ranga.

Sa chéad chéim den chur i bhfeidhm, ba cheart do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta eolas a chur ar an réimse nua curaclaim nó na réimsí nua curaclaim agus ar acmhainní nua amhail na hUirlisí Úsáide atá ar fáil ag agus sa doiciméad Pleanáil Curaclaim Scoile Uile Treoir le haghaidh gach Bunscoil agus Scoil Speisialta (2026) (tá tuilleadh mionsonraí tugtha níos déanaí sa doiciméad seo).

**Leithdháiltí ama**

Ba cheart do gach scoil na leithdháiltí molta nua ama atá leagtha amach i gCreatchuraclam na Bunscoile Do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta)a chur chun feidhme faoi dheireadh an chéad timthrialla um chur i bhfeidhm curaclaim, i.e., faoi dheireadh na scoilbhliana 2027/2028.

## 3. Do réimse curaclaim a roghnú

Ba cheart do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí obair le chéile chun réimse curaclaim **amháin ar a laghad** a roghnú, rud a dtosóidh siad ar é a chur i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2026. Ní bhfaighidh ach réimse curaclaim amháin tacaíocht ó Oide nó ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) sa bhliain 2026/2027. Féadfaidh scoileanna a roghnú tosú ar réimsí curaclaim sa bhreis a chur i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2026, ach is í an scoil a threoróidh an obair sin, agus ní bhfaighidh an scoil aon tacaíocht sheachtrach ina leith. Tosófar ar thacaíocht a thabhairt do dhara réimse curaclaim i mí Mheán Fómhair 2027.

Cé go bhféadfaidh scoileanna sainaithint a dhéanamh ar an ord is fearr leo chun na réimsí curaclaim a chur i bhfeidhm, ní mór an Fholláine a bheith ar cheann amháin den chéad trí réimse a roghnófar. Sannfaidh Oide ceannaire foghlama gairmiúla do gach scoil chun tacú le réimse curaclaim, agus aird á tabhairt ar shainroghanna pearsanta na scoile a mhéid is féidir.

**Bliain daingnithe**

Ón scoilbhliain 2028/2029 ar aghaidh, féadfaidh scoileanna a roghnú bliain daingnithe a thógáil. Fágfaidh sé sin go mbeidh siad in ann an cur i bhfeidhm a chur ar sos ar feadh aon bhliain chun na réimsí curaclaim atá ar siúl cheana féin a neartú agus a leabú.

**Próiseas iarratais**

I mí na Bealtaine, tabharfaidh Oide agus CNOS mionsonraí do scoileanna faoin bpróiseas iarratais ar thacaíocht le haghaidh cur i bhfeidhm curaclaim don scoilbhliain 2026/2027.

## 4. Amlíne na foghlama gairmiúla

Is é atá i gceist leis an gcur i bhfeidhm ná cinntí eolacha gairmiúla a dhéanamh a léiríonn fís an churaclaim maidir le hionchuimsiú, rannpháirtíocht, dul chun cinn, agus forbairt iomlánaíoch. Chun tacú leis an bpróiseas sin, tá raon cineálacha foghlama gairmiúla á sholáthar.

| Foghlaim Ghairmiúil 2026/2027 | |
|---|---|
| **Tacaí teanga** | |
| Feasacht Teanga | Lá sannta dúnta scoile amháin le haghaidh eispéireas foghlama gairmiúla, rud a bheidh faoi threoir ag Oide i gcás bunscoileanna agus a bheidh faoi threoir ag CNOS i gcás scoileanna speisialta. Le linn an lae sin, iniúchfar conas a thacaíonn forbairt Feasachta Teanga agus cineálacha ilteangacha cur chuige ag gach céim den bhunscoil le leanaí mar fhoghlaimeoirí teanga i mBéarla, i nGaeilge agus i Nuatheangacha Iasachta. |

| | |
|---|---|
| Nuatheangacha Iasachta | Soláthróidh Teangacha Iar-bhunscoile Éireann/'Déanann Teangacha Nasc' na nithe seo a leanas:<br>• Ullmhúchán do Nuatheangacha Iasachta a chur i bhfeidhm tríd an gclár 'Cuir Fáilte roimh Theangacha'. |

| | |
|---|---|
| | • Clár uasoiliúna teanga, áit a nglacfar na rannpháirtithe sa chúrsa isteach ar bhonn céimnithe i rith na bliana. |
| **Tacaíocht do chur i bhfeidhm curaclaim** | |
| Tacaíocht do chur i bhfeidhm curaclaim | Tacaíocht don réimse curaclaim amháin a roghnófar lena chur i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2026, ar tacaíocht í a sholáthróidh Oide i gcás bunscoileanna agus a sholáthróidh CNOS i gcás scoileanna speisialta:<br>• dhá lá shannta dúnta scoile.<br>• cuairt ionscoile amháin. |
| Comhoibriú scoile uile maidir le cur i bhfeidhm an churaclaim. | Lá dúnta amháin a bheidh faoi threoir ag an scoil. Soláthrófar comhairle maidir leis na nithe ba cheart a bheith ar áireamh sa lá sin. Chun an tionchar is fearr a bhaint amach, ba cheart do scoileanna breithniú a dhéanamh ar an lá sin a sceidealú idir an chéad lá dúnta scoile agus an dara lá dúnta scoile a bheidh faoi threoir ag Oide nó ag CNOS.<br>Ba cheart do scoileanna a bhféilire scoile féin a chur san áireamh agus aird a thabhairt ar thuismitheoirí agus ar theaghlaigh, agus ar an scoilbhliain chaighdeánaithe, agus an lá sin á sceidealú acu. Is féidir le scoileanna, mar shampla, é a sceidealú in aice le lá dúnta scoile atá ann cheana ar lá saoire poiblí. |
| **Tacaí ceannaireachta** | |
| Athrú curaclaim a threorú | Eispéireas foghlama gairmiúla a bheidh faoi threoir ag Oide i gcás bunscoileanna agus a bheidh faoi threoir ag CNOS i gcás scoileanna speisialta, arb eispéireas é a bheidh dírithe ar an gceannaireacht straitéiseach ar athrú curaclaim. Tacóidh sé le ceannairí scrúdú a dhéanamh ar an dóigh a dtreoraíonn agus a mbainistíonn siad cur i bhfeidhm curaclaim, ar an dóigh a gcuireann siad a gcuid oibre ar aon dul le tosaíochtaí náisiúnta, agus ar an dóigh a n-úsáideann siad na tacaí atá ar fáil chun cleachtas éifeachtach a chothú. |

| | |
|---|---|
| Tabhairt isteach Nuatheangacha Iasachta a threorú | Foghlaim ghairmiúil lae iomláin do cheannairí scoile (triúr rannpháirtithe ar a mhéad in aghaidh na scoile), rud a sholáthróidh Oide i gcás bunscoileanna agus a sholáthróidh CNOS i gcás scoileanna speisialta agus ina bpléifear le tabhairt isteach Nuatheangacha Iasachta a threorú mar chuid de Churaclam Teanga na Bunscoile |
| Clinicí ceannaireachta | Leanfaidh clinicí le tacú le ceannairí scoile machnamh a dhéanamh ar conas is fearr is féidir athrú a threorú laistigh dá gcomhthéacs féin. Seolfar iad sin ar líne ag céimeanna éagsúla i rith na scoilbhliana, agus iad faoi |
| | threoir ag Oide i gcás bunscoileanna agus ag CNOS i gcás scoileanna speisialta. |
| **An scoilbhliain 2027/2028 ar aghaidh** | |
| I dtéarma a trí de gach scoilbhliain, eiseoidh an Roinn cumarsáid chuig gach scoil ina mionsonrófar na tacaí a bheidh ar fáil don scoilbhliain dár gcionn. | |

**Tuismitheoirí/caomhnóirí**
Tá sé tábhachtach cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le laethanta dúnta scoile roimh ré. Tá foclaíocht mholta a d’fhéadfaí a úsáid sa chumarsáid sin ceangailte leis seo in aguisín 1.

## 5. Tacaí do Churaclam athfhorbartha na Bunscoile

Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ag tacú le cur i bhfeidhm an churaclaim trí uirlisí úsáide ar líne lena dtugtar tacaíocht phraiticiúil do mhúinteoirí maidir leis an bhfoghlaim, an teagasc agus an measúnú.

Tá na nithe seo a leanas sna huirlisí úsáide:

- Treoir do Mhúinteoirí maidir le gach réimse curaclaim, lena n-áirítear ullmhúchán agus measúnú
- Ábhair thacaíochta do mhúinteoirí, lena n-áirítear cineálacha éifeachtacha cur chuige oideolaíoch lena gcothaítear foghlaim shaibhir agus lena gcruthaítear naisc leis an mbaile agus leis an bpobal.
- Samplaí d’fhoghlaim leanaí ar fud na réimsí curaclaim agus na n-ábhar.
- Tacaí le haghaidh dul chun cinn ar fud na réimsí curaclaim agus na n-ábhar.

Tá ábhair thosaigh ar fáil faoi láthair, agus foilseofar tuilleadh ábhar ar bhonn leanúnach chun tacú leis an bhfoghlaim, leis an teagasc agus leis an measúnú a bhaineann leis an gcuraclam.

Tá acmhainní á bhforbairt ag Teangacha Iar-bhunscoile Éireann/‘Déanann Teangacha Nasc’ chun tacú leis an ngné inniúlachta teanga de Nuatheangacha Iasachta a chur chun feidhme.

## 6. Cistiú le haghaidh acmhainní chun tacú le gach réimse curaclaim

Leanfar le cistiú ilbhliantúil a sholáthar chun tacú le gach réimse curaclaim, agus beidh leithdháiltí amach anseo bunaithe ar an mbuiséad agus ar na riachtanais a thiocfaidh chun cinn le linn an curaclam a chur i bhfeidhm ar fud na tíre.

Soláthraíodh cistiú suntasach do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta cheana féin chun a chinntiú go bhfuil acu na hacmhainní is gá chun curaclam a sholáthar lena bhfreastalaítear ar riachtanais gach foghlaimeora:

- Íocadh €9m le scoileanna i mí na Nollag 2024 don oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (STEM) agus don oideachas Ealaíon. Ríomhadh na deontais mar a leanas:
    - Íocaíocht sheasta in aghaidh na scoile: €500.00
    - Íocaíocht in aghaidh an dalta: €14.03
    - Ráta DEIS/riachtanas speisialta oideachais in aghaidh an dalta: €16.13.

- Íocadh €10m le scoileanna i mí na Nollag 2025 don réimse curaclaim a bhaineann leis an bhFolláine. Ríomhadh na deontais mar a leanas: **Íocaíocht sheasta in aghaidh na scoile:**
    - €400 – dalta amháin go 30 dalta
    - €500 – 31 dalta go 50 dalta
    - €750 – 51 dalta go 150 dalta
    - €1,000 – níos mó ná 151 dalta

  Íocaíocht in aghaidh an dalta: €13.10
  Ráta DEIS/riachtanas speisialta oideachais in aghaidh an dalta: €15.10.

## 7. Foilsiú na dTreoirdhoiciméad

Freagracht uile-chórais is ea an curaclam a chur i bhfeidhm go rathúil. Chun tacú leis sin, d'fhorbair an Roinn Oideachais agus Óige, lena n-áirítear an Chigireacht, CNCM, CNOS agus Oide, na hacmhainní seo a leanas i gcomhar le chéile.

(i) Pleanáil Curaclaim Scoile Uile Treoir le haghaidh gach Bunscoil agus Scoil Speisialta (2026).
(ii) Ullmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht Treoir Nuashonraithe do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta (2026).

Maidir leis na príomhtheachtaireachtaí agus na príomhchineálacha cur chuige atá sa dá acmhainn, leabófar iad ar fud an chláir foghlama gairmiúla agus na dtacaí foghlama gairmiúla, agus díriú soiléir á leagan ar thacú le ceannairí scoile agus le múinteoirí na príomhtheachtaireachtaí agus na príomhchineálacha cur chuige sin a thuiscint agus iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach sa chleachtas.

**(i) Pleanáil Curaclaim Scoile Uile Treoir le haghaidh gach Bunscoil agus Scoil Speisialta (2026)**

Déantar cur síos ar phleanáil scoile uile mar phróiseas leanúnach a bhíonn ag athrú i gcónaí agus a bhfuil trí phríomhchéim i gceist leis:

- machnamh a dhéanamh ar chomhthéacs na scoile, ar fhoghlaimeoirí, agus ar phrionsabail agus inniúlachtaí Chreatchuraclam na Bunscoile (2023).
- tosaíochtaí a roghnú agus cur i bhfeidhm na réimsí curaclaim uile a sheicheamhú.
- gach réimse curaclaim a chur i bhfeidhm.

Sa phlean curaclaim scoile uile, taifeadtar príomhchinntí maidir le seicheamhú na foghlama agus maidir le cineálacha comhaontaithe cur chuige i leith na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe, bunaithe ar chomhthéacs na scoile. Ba cheart é a athrú le himeacht ama chun éachtaí, dúshláin agus riachtanais a bhíonn ag athrú a léiriú.

**(ii) Ullmhúchán don Fhoghlaim, don Teagasc agus don Mheasúnacht Treoir Nuashonraithe do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta (2026)**

Leis an treoir seo, nuashonraítear an doiciméad dar teideal *Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim: Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta (2021)* chun Curaclam athfhorbartha iomlán na Bunscoile (2025) a léiriú. Cuirtear ullmhúchán i láthair inti mar phróiseas leanúnach lena dtacaítear le cur i bhfeidhm éifeachtach curaclaim laistigh de Chreatchuraclam na Bunscoile (2023).

Tugtar sa treoir breac-chuntas ar thrí phríomhcholún ullmhúcháin: eolas ar an leanbh; eolas ar an gcuraclam; agus eolas ar an oideolaíocht. Tarraingítear aird inti freisin ar an ról atá ag an measúnú maidir le bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile agus ar an tábhacht a bhaineann le pleanáil, comhoibriú agus ailíniú scoile uile, agus gníomhú múinteoirí á aithint an tráth céanna.

## 8. Tionscadal Taighde

Agus saineolas oideachais aige a bheidh bunaithe ar thaighde, ar bheartas agus ar chleachtas, bunófar tionscadal taighde gníomhaíochta chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- fianaise a ghiniúint ar an dóigh a mbíonn scoileanna ag baint úsáid as na hacmhainní agus na hábhair a forbraíodh chun tacú le cur i bhfeidhm curaclaim.
- faisnéis a bhailiú faoin tionchar a bhíonn ag an am foghlama gairmiúla i scoileanna.
- eiseamláirí a bhailiú de chleachtas éifeachtach nuálach

Tabharfar tuilleadh faisnéise faoi raon feidhme agus dearadh an tionscadail taighde gníomhaíochta i dTéarma 1 den scoilbhliain 2026/2027.

## 9. Tuilleadh Faisnéise

Leanfaidh Oide le tacaíocht a thabhairt do bhunscoileanna, agus leanfaidh CNOS le tacaíocht a thabhairt do scoileanna speisialta, ionas gur féidir leo *Curaclam Teanga na Bunscoile* agus *Curaclam Matamaitice na Bunscoile* a chur i bhfeidhm go leanúnach. Leanfar le hacmhainní ar líne a fhorbairt freisin, amhail Uirlisí Úsáide ar Líne CNCM.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil trí na suíomhanna Gréasáin seo a leanas:

www.curriculumonline.ie/ga
www.gov.ie
www.ncca.ie

www.oide.ie
www.ncse.ie
www.languagesconnect.ie
https://cogg.ie/

Beidh cumarsáid leanúnach ann chun tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile. Déanfar cumarsáid le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le leanaí freisin.

Is féidir an chumarsáid seo a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin na Roinne anseo.

Mark Bohan

Mark Bohan
Príomhoifigeach
An tAonad um Beartas Curaclaim agus Measúnachta

5 Bealtaine 2026

## Aguisín 1: Foclaíocht mholta don chumarsáid le tuismitheoirí

Beidh ár scoil dúnta ar na dátaí atá liostaithe chun go mbeidh ár múinteoirí in ann páirt a ghlacadh in oiliúint do Churaclam nua na Bunscoile. Cabhraíonn an oiliúint sin lena chinntiú go dteagasctar an curaclam go maith agus go dtacaíonn sé leis an bhfoghlaim is fearr do gach leanbh. Go raibh maith agat as do thacaíocht leanúnach.